## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Déan do mhachnamh ar cad a d’fhéadfadh a bheith i gceist le “bonn tuisceana”

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a machnamh a dhéanamh ar cad a d’fhéadfadh a bheith i gceist le “bonn tuisceana.” |
| **Toradh Foghlama** | A thuiscint go bhfuil spéiseanna éagsúla ag leanaí éagsúla, ach uaireanta go nglacann na meáin chumarsáide le boinn tuisceana faoi cad is maith le cailíní augs cad is maith le buachaillí bunaithe ar inscne amháin. |
| **Nótaí na Mhúinteora** | Cruthaítear na meáin chun teachtaireacht áirithe a chur in iúl do lucht éisteachta nó féachana. Mar sin, déanann lucht déanta meáin a lán taighde faoi cad a thaitníonn le luchtanna éisteachta éagsúla, conas a iompraíonn an dream sin iad féin mar shampla. Glacann siad le boinn tuisceana atá réadúil agus, ó am go chéile, nach bhfuil réadúil. Beidh ortsa an cinneadh a dhéanamh. |
| **Acmhainní** | • Gníomhaíocht 6.1 |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé – An Bréagán is Fearr Liom, Boinn Tuisceana sna Meáin<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – Am Scéalaíochta, Mo Bhréagán Ídéalach – Gníomhaíocht 6.1 |



## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6

## Cur Chuige

**Céim 1: An Bréagán is Fearr Liom**

- Fiafraigh de na leanaí an raibh siad riamh i siopa bréagán.
- Iarr ar na leanaí a mhíniú cad iad na cineálacha éagsúla bréagán a d’fhéadfaí a aimsiú i siopa mór bréagán
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na bréagáin is túisce a dtéann siad chun breathnú orthu sa siopa.
- Cén bréagán is ansa leo, agus cén fáth ar maith leo an bréagán sin?
- Fiafraigh de na leanaí an dtéann siad ag súgradh le bréagáin éagsúla nuair a théann siad ar cuairt chuig teach cara leo.
- Mínigh do na leanaí gur maith le leanaí éagsúla bréagáin éagsúla.

**Céim 2: Am Scéalaíochta**


- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh faoi Alex.

  **Breithlá Alex**

  Breithlá Alex a bhí ann. D’inis a Mhamó dó go raibh sí chun é a thabhairt chuig an siopa bréagán chun bronntanas a cheannach dó. Ar shroicheadh an tsiopa dóibh ní raibh a fhios ag Mamó cá n-aimseodh sí bréagán d’Alex, mar sin chuir sí ceist ar chúntoir siopa cuidiú léi agus le Alex agus roinnt bréagán a thaispeáint dóibh. Níor thaitin aon cheann de na bréagáin sin le Alex. Ansin shiúil Alex agus Mamó timpeall gan an cúntóir siopa ar feadh tamaillín, agus roghnaigh Alex bréagán iontach. Bhí sé ar an mbronntanas is fearr riamh dar leis agus bhí áthas an domhain air lena rogha.
- Iarr ar na leanaí buille faoi thuairim a thabhairt cén fáth nár thaitin aon cheann de na bréagáin a thaispeáin an cúntóir siopa dó le Alex.
- Fiafraigh de na leanaí ar tugadh riamh bréagán nár thaitin leo dóibh mar bhronntanas dá mbreithlá.
- Cén fáth nár thaitin an bréagán leo?
- Mínigh do na leanaí go mbíonn daoine ag súil uaireanta go dtaitneoidh bréagán áirithe leat, ag brath ar d’inscne – is é sin an buachaill nó cailín thú.
- Inis do na leanaí go dtugtar bonn tuisceana air sin, go dtaitneodh rud ar leith leat toisc gur cailín thú nó toisc gur buachaill thú.
- Mínigh do na leanaí go mbíonn boinn tuisceana in úsáid ag na meáin chumarsáide bunaithe ar inscne.
- Inis do na leanaí gur chóir dóibh imirt le pé bréagán is maith liom, is cuma cibé buachaill nó cailín, agus is cuma cad a deir na meáin maidir leis an mbréagán is cóir do chailín nó do bhuachaill imirt leis.

**Céim 3: Mo Bhréagán Ídéalach**

- Iarr ar na leanaí dá mbeidís chun bréagán a dhearadh ar bhreá leo imirt leis, cad a roghnóidís.
  Is féidir leo úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 6.1 chuige sin.
- Inis dóibh gur féidir leo aon chineál bréagáin a roghnú.
- Ní gá gur bréagán a thaitneodh le buachaill é, ná bréagán a thaitneodh le cailín é.
- A luaithe agus a bheidh sé sin i gcrích acu is féidir leo a rogha a roinnt leis an rang.


Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?
Gníomhaíocht 6.1
An bréagán is fearr liom
Féadfaidh na leanaí bréagán a dhearadh ar bhreá leo imirt leis
Ainm: ____________ Rang: ____________
30 safefood MediaWise

**Gníomhaíocht 6.1**

**Céim 4: Boinn Tuisceana sna Meáin Chumarsáide**

- Fiafraigh de na leanaí cad iad na cluichí agus na gníomhaíochtaí a bhíonn á n-imirt agus á ndéanamh ag buachaillí ar an teilifís, i gcláir, i gcartúin, i scannáin agus i ngreannáin.
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na cluichí agus na gníomhaíochtaí a bhíonn á n-imirt agus á ndéanamh ag cailíní ar an teilifís, i gcláir, i gcartúin, i scannáin agus i ngreannáin.
- Iarr ar na leanaí an dóigh leo go mbíonn boinn tuisceana ag na meáin – i gcláir theilifíse, i gcartúin, i scannáin, i ngreannáin– faoi bheith i do bhuachaill nó i do chailín.

**Céim 5: Taispeáin agus Inis (Roghnach)**

- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo an bréagán is ansa leo a thabhairt ar scoil an lá arna mhárach, nó is féidir leo iarraidh ar a dtuismitheoirí ríomhphost le pictiúr den bhréagán sin a chur chuig an múinteoir.
- Ansin is féidir leis na leanaí a mhíniú cén fáth arb é sin an bréagán is fearr leo.